Gaoṫ Doḃair

Ní ḟactas ariaṁ a leiṫéid de oiriúċán agus maisiúċán agus tá ar ṡiopaí Ġaoṫ Doḃair i mbliana, fá ċoinne na Nollag. Tá aċan ċineál earraí ann fá ċoinne óg agus aosta. De ṫairḃe an ḃreagáin níl a ḃaċ ar biṫ, a ċuirfeaḋ cúl ar an ógánaċ a ḃeiṫ sásta ann aċ an t-airgead, agus tá an t-airgead árd go maiṫ ar ċuid acu. Agus do réir scéala, tá iarraiḋ ana ṁaiṫ ar earraí do aċan ċineál atá déanta in Éirinn.

Ábar bróin san ṗaróiste is ea bás Dónall Mac a' Ḃáird, Bun an Inḃir, Doire Beaga. Fuair sé bás in Albain, taréis tinneas gearr, agus gan é aċ óg. Nítear comḃrón lena ṁuinntir. Tugaḋ an corp na ḃaile go dtí Bun an Inḃir agus ó sin go dtí Teaċ Pobail Naoṁ Colmcille, Cnoc Fola. Léiġ an tAṫair Mac Ġuiḋir, S.C., Aifreann na Marḃ, agus ċuaiġ an torraṁ ina ḋiaiḋ sin go dtí an reilig. Ḃí duine ó aċan teaġlaċ insan ċeantar ar an torraṁ. Nítear comḃrón le Seoirse agus Tomás Mac a' Ḃáird, dearṫáraċa, Máiread, Sorċa Bean Ṁic Eoċaiḋ, Sasain, Máire Bean Uí Patten, Lifear, agus Eiblín Bean Uí Ċeannáin, U.S.A.

Ábar mór bróin sa ṗaráiste fosta, bás Caṫal Ó Gallċoḃair, Gaoṫ Doḃair, i mBaile Áṫa Cliaṫ, ar na mallaiḃ. Ċuaiġ sé ins na Gárdaí nuair a ḃí sé iontaċ óg, agus árdú céime dó mar Sairsint taréis cúpla bliain ins na Gárdaí. Ṫroid sé i gCogaḋ na Saoirse. Ċuaiġ an tórraṁ go dtí reilig Glasnaoiḋean, Baile Áṫa Cliaṫ, áit a raiḃ cuid mór de ḃunaḋ Ġaoḃ Doḃair agus daoine eile. Ḃí gárda onóra do na Gárdaí Síoċána. Nítear comḃrón lena ḋeirfiúr Neansaí Ní Ġallċoḃair, agus a ḋearṫáir, Dónall Ó Gallċoḃair.

Ḃí Gaoṫ Doḃair ċom líonta le linn seaċtain na Nollag agus a ḃí sé am ar biṫ i lár an tsaṁraiḋ. Ṫáinig na sluaite, sluaite na ḃaile as gaċ cearn den tír, ⁊ tuilleaḋ a ḃí ag teaċt as Albain agus Sasana ar feaḋ na seaċtaine roiṁ Nollaig. Leis na soilse leictreaċais, agus an crann Nollag, agus na siopaí **maisiṫe** agus eile, gan dabt ar biṫ, tá Gaoṫ Doḃair cosúil le baile mór anois, agus is breá an tarraint é do ḋream ar biṫ le teaċt ann ag Nollaig, aċ is mó arís an tarraingt ar ḃunaḋ Ġaoṫ Doḃair féin a ṫeaċt na ḃaile fá ċoinne sean Nollaig na nGael, sa ḃaile.

Dá mbeaḋ obair le fáil ag an méid de ḃunaḋ Ġaoṫ Doḃair, a ḃfuil ceangal acu go fóill leis an ḃaile, ḃeaḋ go leor ann le Gaeltaċt na hÉireann a ṡáḃáil.

Meastar go raiḃ os cionn 5,000 a ċuaiġ ċuig Comaoineaċ, ag Aifreann Meán-Oíċe agus Aifreann maidin Lae Nollag, ar fud na paráiste.

Ḃí neart spóirt agus greann ann don Nollaig fosta, aċ ba é an t-ábar cainte ba ṁó a ḃí ann ná geamaireaċt ṁuinntir Aṁarclann Ġaoṫ Doḃair agus tá sé seo ar ċeann de na príoṁ óċáidí sóisialaċ insan taoḃ ṫiar de Ḋún na nGall san am i láṫair.

Cúis bróin, ní aṁáin i nGaḃal, agus i nGaoṫ Doḃair, aċ ar fud na condae uilig, bás Róise Bean Ṁic Giolla Ḃríde, Oileán Gabla, roiṁ Nollaig. Duine de ṁuinntir Colla, as Mín Doire Gamph, ab ea í, agus ċaiṫ sí iomlán a saoil pósta ar Oileán Gabla, áit a raiḃ árdṁeas ag gaċ duine uirṫi, agus gaċ duine go maiṫ di. Fuair a fear céile, Seosaṁ, bás i dtaisme báid, agus fágaḋ í le teaġlaċ mór de ṗáistí óga a tóg sí go tiúntaċ, mar ċreidiúint don Ċreideaṁ, agus don tír arḃ as iad. Ḃí slua an ṁór daoine ar [illegible]aḋ in Airicis an ċoirí ag Cé Ḃunḃig, agus ṫionlac siad an corp go dtí Séipéal Naoṁ M[illegible] Doire Beaga, áit ar ġlac an tAṫair Ó Miaṫáin, S.C., isteaċ sa tSéipéal é. Ṫug an tAṫair Ó Miaṫáin árd ṁolaḋ don ḃean a ḃí marḃ agus ar na sagairt eile a ḃí i láṫair ḃí an tAṫair S. Mac Ḟionnlaoiċ, S.P., Anagaire, agus an tAṫair Mac an tSaor, S.C., Cnoc Fola. Nítear comḃrón le na clann, Liam Mac Giolla Ḃríde, Gabla, Tomás Mac Giolla-Ḃríde, Gabla, Seán S. Mac Giolla Ḃríde, O.S., Port Nua, Donnċa Mac Giolla Ḃríde, O.S., Cill Mac Craonáin, Nóra agus Néillí Nic Giolla Ḃríde, agus le slua mór eile de ġaolta ar fud na paráiste.

Tá Seán Ó Fearraiġ, Doire Beaga, taréis a ġnó mar fear tabairne a ṫaḃairt suas, agus guíonn a ċáirde go léir scíste maiṫ dó. Ḃí árdṁeas air mar ṡiopadóir agus mar ḟear tabairne. Seosaṁ Ó Curráin, as Dóḃair, a ċeannaiġ an áit, agus guíonn gaċ duine áḋ mór air insan ġnóṫa nua.

Scéal mór agus scéal maiṫ do Ġaoṫ Doḃair go ḃfuil Leabarlann na Condae le craoḃ fé leiṫ a ċur ar bun i nGaoṫ Doḃair. Go dtí seo, níċí freastal ar Ġaoṫ Doḃair frid na scoltaċa, aċ ní i gcónaí a ḃí sé sásúil ag daoine fásta a ḋul go dtí an scoil agus é foscailte. Agus ní ṫiocfaḋ leo a ḃeiṫ cinnte go dtaḃarfaḋ páistí na leabraí cearta na ḃaile ċucu. Cormaic Ó Breisleáin, raiḃ craoḃ na Leaḃarlainne le T.D., a d'ḃógair an scéal go tógáil, agus meastar naċ ró ḟada go mbeiḋ sé fé lán tseoil. Is cinnte go mbeiḋ éileaṁ mór ar na leabraí frid Gaoṫ Doḃair.

Scéal brónaċ ab ea é, go raiḃ Seán Mac Caifeartaiġ, as Carraig an tSeascainn, Doire Beaga, indiaiḋ bás d'ḟáil insan Ospidéal ceantar ar an Ċloċán Liaṫ, taréis tinneas gearr. Fear suaiṁneaċ ab ea é a raiḃ gaċ duine go maiṫ dó. Ċuaiġ tórraṁ mór leis ó teaċ pobail Doire Beaga, taréis Aifreann na Marḃ a léiġ an tAṫair Ó Mioċáin, S.C.

Taréis ceiṫre seaċtainí do stoirm agus droċ aimsir, d'éiriġ leis an "Fair Isle" dul amaċ ó Bundeag go Toraí roiṁ Nollaig, le litreaċa agus beartanna ⁊ earraí eile. Dúirt an scipéar, T. Mac Ḟionnlaoiċ, go raiḃ an aistir go díreaċ crua go leor, aċ ḃí lúṫáir ar ḃunú Ṫoraí í ḟeiceáil ag teaċt isteaċ.

Tá an club sóisialaċ ag na Maċaireaċa, Doire Beaga, ag dul ar aġaiḋ go h-an ṁaiṫ. Tá freastal maiṫ do ḋaoine óga air. Ḃí géar ġá leis an ċlub seo, agus tá na hógánaí ag cur suim ar leiṫ ann. Ar na rudaí a ḃíos ar siúl aċan oíċe, tá leadóg tábla agus leadóg cleite, agus cluiċí speisialta eile.

Deontas ar Ḃearraiġ

Faoi an scéim fá ċoinne deonaas a ṫaḃairt ar ḃearraiġ nua, h-íocaḋ £2,186,235 le 68,979 feirmeoirí. suas go dtí an 4ú Nollaig 1964. H-íocaḋ £96,960 le 3,847 feirmeoirí i dTírċonaill, £99,270 le 5.566 feirmeoirí i gCo. na Gaillime; £160,945 le 4,935 feirmeoirí i gCiarraí; £95,100 le 4.567 feirmeoirí i gCo. Ṁuigeo.

Gan Ceangal le Iolscoil

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ an tUasal Ó Bearráin, T.D., den Aire Oideaċais, nuair a ḃeaḋ atċoiriú ⁊ leaṫnú Coláiste Ṗádraig, Dromċonnraċ, críoċnaiṫe, an raiḃ sé i gceist go ndéanfaí oiliúint múinteoirí náisiúnta mar ċuid de clár oibre in Iolscoil Náisiúnta, agus an leanfaḋ na h-ábair múinteoirí de staidéar in ealáin, eolaíoċta, nó tráċtála do réir mar d'oirfeaḋ? D'ḟreagair an tAire Oideaċais, an Dr. Ó hIrġile, naċ raiḃ sé i gceist é sin a ḋéanaṁ.

Carna

Roiṁ an Nollaig, ċuir an droċ aimsir isteaċ go mór ar an tráċt agus ar na bóiṫre anseo. Ar feaḋ breis agus seaċtain, ḃí an bóṫar ó Cloċ na Rón go Inis Niaiḋ a ḃí dona go leor i gcónaí, faoi uisce, agus ní ḟéadfaḋ tráċt ar biṫ dul air.

Ḃí Oifigeoirí ón Roinn Talmaíoċta timpeall na paráiste ag glacaḋ orduiṫe do síol feir agus fataí. Tá deontas mar is gnáċ, fá ċoinne an pó seo, agus is iad na luaċa atá le h-íoc ag na feilméaraí ná 25s. an com. do ċoirce, agus 20s. an com. do na fataí. Tá an mórán do na feilméaraí á nglacaḋ.

Ḃí slua an ṁór i láṫair ag an ċluiċe mór 25, cluiċe ceannais Ċonamara, agus an corn, i gCloċ na Rón, an Domnaċ roiṁ Nollaig. Marcus Ó Conḟaola, Seán Seoiġe agus Míċeál de Búrca as Baile Ċonḟaola, a ḃí sa gcéad áit. Sa dara h-áit ḃí Bean de Coursaiġ, Seán Mac Donnċa, ⁊ Míċeál Ó hEanaiġ ,as Cloċ na Rón. Sa triú áit ḃí Pádraic Seoiġe, Tomás Breatnaċ, agus Seosaṁ Ó Faoláin ,as an gCloċán.

Ṫug an scoláirí, Scoil na mBráṫar, Leitir Fraic, coirmceoil, an sultṁar do slua an mór i halla na paráiste, An Cloċán, roiṁ Nollaig.

Roiṁ Nollaig, i mbliana, mar is gnáċ, ḃí na páistí scoile ar an gCloċán ag ceol dánta Diaḋa na Nollag insan Séipéal Dé Domnaiġ. Deirtear go raiḃ caiġdean an ċeoil i mbliana níos airde ná ḃí ariaṁ.

Comġáirdeaċas le Tomás Mac an Rí, mac le Marcus Mac an Rí agus a ḃean, Baile Ċonḟaola, Cloċán, iar-scoláire do Meán-Scoil na mBráṫar, an Cloċán, ar glaoḋ air mar arcaċ do na Gárdaí.

Rud nua eile san áit seo an cabaret atá ar bun anois—Cabaret Carna. Ar ndó. ḃí dotáin luċt ceoil agus seinm againn ariaṁ anseo aċ seo an ċéad uair díofa cur le céile mar seo ar an nós a dtugtar cabaret air. Ċloisfear cabaret Carna don ċéad uair ó Radio Éireann Lá Coille an Aoine, 1ú Eanair, 1965.

Ḃí Nollaig ṡuaiṁneaċ ṡíoċanta againn anseo buíoċas le Dia. Ṫáinig slua maiṫ na ḃaile cé go dtugtar fé ndeara ó ḃliain go bliain níos lú ag teaċt. Ḃí an aimsir dona go leor. sneaċta ar na beanna Lá Nollag agus an lá dar gcionn, sioc ag leac oiḋre tús na seaċtaine agus gála gaoiṫe fá'n cósta Dia Ceadaoine na seaċtaine seo. Crua go leor atá imeaċt na seanḃliana.

Scoltaċa Ilġnéiṫeaċa

Sa Dáil, ag freagairt ceiste ó Ṗádraic Ó Domnaill, T.D., dúirt an Dr. Ó hIrġile, naċ ndéanfaí roinnt ar na scoláirí ar na scoltaċa ilġnéiṫeaċa, ins na céad blianta, aċ go gcuirfí siar an roinnt sin go dtí an Meán-Teistiméireaċt, timpeall aois cúig-bliana-déag. De réir a gcuid oibre roiṁe sin agus tortaí an scrúdaiṫe sin, ṫreorófaí iad ċuig Árd-Teistiméireaċt na Meán-scoltaċa agus Ollscoil, nó Árd-teistiméireaċt na gCéard Scol, agus Coláiste Teicneolaíoċta.

Ag freagairt ceiste eile ó'n Uasal Ó Domnaill, dúirt an Dr. Ó hIrġile, go raiḃ sé i gceist go nglacfaḋ an scoil ilġnéiṫeaċ isteaċ an Ġairmscoil sa gCeaṫrú Rua, agus ar na Gleanntaí.

Cuan na Gaillime

Sa Dáil, ag freagairt ceiste ón Uasal Ó Cuagáin, dúirt an tUasal Ó Colla go raiḃ scrúdú dá ḋéanaṁ ar na gnéiṫe teicnicíúla port iascaireaċta na Gaillime, aċ nár tugaḋ breiṫ iomlán ar an scéal fós.

Gairmscoil Baile Cruaiḋe

Ca Dáil, d'ḟiafraiġ Feilim Mac Giolla Laoire, den Aire Oideaċais, cé'n uair a ḃeiṫfí ag fógrú fá ċoinne tógáil Gairm-Scoil ag Baile Cruaiḋe, Condae Ṁuigeo?

D'ḟreagair an Dr. Ó hIrġile, gur ṫug sé údarás i bprionsabail fá ċoinne soláṫar Gairm-Scoil ag Baile Cruaiḋe, agus gur ċeannaiġ Coiste Gairm-Oideaċais Ṁuigeo, suíoṁ don scoil, aċ níor ċuir an Coiste pleananna ar biṫ faoi ḃráid na Roinne, ⁊ ní ṫiocfaḋ leis mar sin. a rá cé'n uair a ḃeaḋ fógra fá ċoinne tógáil na scoile.

Árd Teampall na Gaillime

Tá Árd-Teampall na Gaillime ag dul ar aġaiḋ go hana ṁaiṫ ar fad. Tá an tógáil féin ċom fada ċun cinn anois, agus go ḃfuiltear ag tosnú ar an ċomarsanaċt a leagan amaċ. Ċuige seo, táṫar ag leagan sean balla an ṗríosúin a fágaḋ na ṡeasaṁ go dtí seo. d'ḟonn agus go raċaḋ an obair tógála ar aġaiḋ níos fearr. Tá an cuid is mó den sean ḃalla seo leagṫa anois, agus tá an Árd Teampall le feiscint in iomlán a éifeaċta ⁊ a áileaċta.

Níos Mó Scolairí

Ḃí ardú de 12 p.c. insan méid scolairí freastal ar na scoileanna lae, agus an micléinn ag freastal ar na ranganna oíċe, i gCo. na Gaillime, an bliain seo caite.

Monarca ag Leaṫnú

Monarca nua eile i nGaillim, atá ag leaṫnú isea Rúnaḋ agus a Ṁac, Teo. Monarca teaġlaiġ atá ann, le muinntir Uí Rúnaiḋ, mar stiúrṫóir, le bun ċapital de £40.000. Deineann siad toċta leapaċa amaċ as ruibéar foam, agus polythene, agus is féidir go mbeaḋ onnṁuiriú an luaċṁar acu go dtí na Stáit Aontaiṫe.

Báisteaċ

Ḃí báisteaċ an trom i nGaillim agus frid Conamara an tseaċtain roiṁ Nollaig. Ar feaḋ dá oíċe .ḃí an siocán go h-olc, agus ḃí na bóiṫre dainséaraċ i gceart, aċ, taréis sin d'imiġ an siocán, agus ní raiḃ caill orṫa.

Gaeilgeoirí ar Ḃord Stiúrṫa

Deinimid comġáirdeaċas leis na baill seo leanas. a togaḋ ar Ḃord Stiúrṫa Coláiste Iolscoile na Gaillime, do na trí bliana seo ċugainn. Ḃí naonṁar iarratóirí don Ḃord, agus seo an ceaṫrar a togaḋ, agus a gcuid ḃótaí:

Tomás S. Ó Broin, M.A., Ph.D.	1,424
Colm Ó hEoċa, M.Sc., Ph.D.	1,015
Pádraic Ó Loċlainn, B.E., M.Sc.	923
Criostóir Ó Tuinnléiċ, B.A., B.Comm.	1,044

Siad céimiṫe na h-Iolscoile a tóg iad. Is Gaeilgeoirí an ceaṫrar.

Port na Gaillime

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Fiontan Ó Cuagáin, T.D., den Aire Iompar agus Cumaċta, cé'n uair a n-éisteóḋ sé le Bord Port na Gaillime, faoi forbairt iomlán port na Gaillime.

D'ḟreagair an tUasal Seán Ó Loingsiġ, T.D., Aire Tionscail ⁊ Tráċtála, gur tugaḋ údarás de ḋeontas £340,000 de réir mar socraíoḋ ag cruinniú le Bord an Ṗoirt, in Iúil, 1960, agus taréis comairle a ġlacaḋ lena oifigeoirí, ní faca sé go raiḃ cúis ar biṫ an deontas sin a aṫrú, nó a aṫ-ḃreiṫniú.

Baile na Finne

Ní raiḃ mórán stoc ar tairiscint ar aonaċ Ḃaile na Finne seo caite. Ní raiḃ caoirí ar biṫ ar an aonaċ. Ċuaiġ ba ionlaoiġ ó £60-£66; beiṫí óga ó £36-£45.

Cúis bróin sa ċeantar bás Áine Bean Uí Maye, Mín na Gualainne, Béal an Áṫa Ṁóir. Ḃí sí 94 bliana d'aois. Ḃí an tsláinte go maiṫ aici, agus a ciall agus a céadfaí aici go dtí an tinneas deireannaċ, tinneas a ḃí gairid go maiṫ. Ḃí a h-iníon, Áine Ní Maye, ina ċónaí léí. Comarsa carṫannaċ, flaiṫiúil ab ea í, ⁊ tá gaċ duine buarṫa fána bás. Ċuaiġ scaifte ionadaċ leis an tórraṁ go dtí reilig Ḃaile na Finne, taréis Aifreann na Marḃ, a léiġ an tAṫair Mac Ḟloinn, S.C., adúirt na paidreaċa ag an uaiġ ċom maiṫ. Nítear comḃrón lena h-iníon Áine, agus le Bríd Bean Uí Ḃreisleáin, Gleann Colmcille, agus le Máire Bean Ṁic Meanmain, Mín a'Golainn, Cití Bean Uí Longáin, Glascú, agus Áine Bean Ṁic Ḟloinn, Mín a' Golainn.

...Tá an cearḃaċas ar siúl go tréan insan ċeantar, agus d'éiriġ le Pádraic Maolṁuaiḋ, na Mullaí agus Bríd Ní Ḃaoill, Mullaiġ, agus Pádraic Ó Gallċobair, Cnoc an Airgid, géaċa a ḃaint ċeana féin.

Cúis bróin sa ċeantar , bás Máire Bean Uí Aoḋgáin, i mBaile Áṫa Cliaṫ .Iníon ab ea í do Séamas Ó Tiománaí agus a ḃean, naċ maireann, Cnoċ Leitreaċ, Béal an Áṫa Ṁóir. Ḃí árd-ṁeas uirṫi féin agus ar a teaġlaċ. Oifigeaċ ceannas an Iarṫar ab ea, a dearṫáir, Séamas Ó Tiománaí. Nítear comḃrón lena dearṫáir, Brian Ó Tiománaí, Cnoc Leitreaċ, Béal an Áṫa Ṁóir agus le Neillí Nic Duiḃir, O.S., Cill Raṫain.

Ḃain Donnċa Ó Gallċoḃair, na Grianáin, an duais mór, na gcártaí ag cluiċe fuist i halla Eadan Anfa, roiṁ Nollaig.

Tá mínscéim oibreaċais ḋá riarú ar bóṫar portaí, ag Sraiṫ Salaċ, Mín a Rál, in aice le Loċ Anna. Cormaic Ó Breisleáin, T.D., Leas-Ċeann Comairle a fuair an deontas seo don ċeantar.

D'éiriġ go h-iontaċ maiṫ leis an basár ar son ciste na paráiste, in halla na paráiste, Baile na Finne, agus ḃí an halla lán ar feaḋ na dtrí n-oíċe a ṁair an basár. Diúglann Mac Eoin, Mín na Sróna, a ḃuaiġ an duais mór. £20, agus Máire Bn. Uí Cnáimsí, Lios Monaċáin, a fuair an £10, agus Pádraic Mac Loinsiġ. Sraṫ na gCapall, a fuair an £5. Ṫug an tAṫair Mac Ḟloinn, S.C., buíoċas do na daoine uilig a ṫáinig, agus do na daoine a ḃí ag cuidiú leis an basár a reaċtáil.

Séaraċas Beannċoir Iorrais

Ag freagairt ceiste ó Feilim Mac Giolla Laoire, T.D., sa Dáil, an tseaċtain roiṁ Nollaig, dúirt Seoirse Ó Colla, ṫar ċeann an Aire Rialtais Áitiúla go raiḃ an Roinn ag fanaċt anois le Comairle Condae Ṁuigeo mion-ḟaisnéisí a ċur isteaċ fá ċoinne scéim séaraċais do Ḃeannċor Iorrais.

Ag Súil le Talaṁ

Ag freagairt ceiste sa Dáil, ó Feilim Mac Giolla Laoire, faoi foraoiseaċt, i gceantar Béal Dearg, dúirt an tUasal Ó Colla, ṫar ċeann an Aire Tailte, naċ raiḃ aalaṁ ar biṫ ag Rannóg na Foraoiseaċta insan ċeantar sin fós aċ go raiḃ siad ag súil le roinnt talaṁ a ḟáil.

Leaṫ Acair na hÉireann

Faoi Aċt na gCríoċa Farraige (Leasú) 1964, tá 15,136 míle cearnaiṫe (timpeall leaṫ acar na hÉireann féin) faoi réim na tíre seo.